



## BABHTA DOHA AGUS TALMHAÍOCHT

Is é Babhta Doha an babhta is déanaí de chaibidlíochtaí trádála na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT). Nuair a seoladh é in 2001, cuireadh tús le caibidlíochtaí talmhaíochta nua: chuir balltíortha EDT de cheangal orthu féin feabhsuithe suntasacha a bhaint amach maidir le rochtain ar mhargaí chomh maith le tarraingt siar de réir a chéile a dhéanamh ar gach cineál fóirdheontais onnmhairiúcháin i dtacaíocht baile a shaobhann an trádáil, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le déileáil ar bhealach speisialta agus difreálach leis na tíortha i mbéal forbartha.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 207(3) agus Airteagal 218 CFAE

Leagadh síos an creat do na caibidlíochtaí talmhaíochta atá ann faoi láthair le hAirteagal 20 de Chomhaontú Talmhaíochta (CT) Marrakech. Faoi théarmaí an airteagail sin, dheimhnigh balltíortha EDT gur próiseas leanúnach agus de réir a chéile é tacaíocht agus cosaint talmhaíochta a laghdú. Sonraítear in Airteagal 20(d) gur cheart go gcuirfí san áireamh sna caibidlíochtaí ábhair inní nach mbaineann leis an trádáil (amhail cosaint an chomhshaoil, sábháilteacht bia, forbairt tuaithe, leas na n-ainmhithe, etc.) agus cóir speisialta agus shaincheaptha á cur ar na tíortha i mbéal forbartha.

### BABHTA DOHA: Ó CANCÚN GO BUENOS AIRES

Le Ceathrú Comhdháil EDT, a reáchtáladh in Doha (Catar) i Samhain 2001, cuireadh tús le Babhta Doha (ar a dtugtar freisin Clár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA)).

#### A. Ó Cancún go Buenos Aires

Ó shin i leith, is beag spriocdháta comhaontaithe a baineadh amach. Ar deireadh, theip ar Chomhdháil Aireachta Cancún in 2003. Bhí roinnt cúiseanna leis sin, go háirithe an easpa tola polaitiúla chun seasaimh na mballtíortha a thabhairt le chéile chomh maith leis an gconspóid a bhain le ‘saincheisteanna Shingeapór’, eadhon, trádáil agus infheistíocht, beartas iomaíochta, trédhearcacht i soláthar rialtais agus in éascú trádála. Cé go raibh saincheisteanna talmhaíochta ina gconstaic ollmhór, níl aon amhras nár cuireadh leis an teip a bhí sa chomhdháil toisc gur dhiúltaigh na tíortha i mbéal forbartha ‘saincheisteanna Shingeapór’ a phlé.

Tosaíodh an próiseas arís go luath in 2004 agus d’eascair Creat-chomhaontú ón gComhairle Ghinearálta as, rud a leag amach na príomhphrionsabail le haghaidh ‘mhódúlachtaí’ na caibidlíochta. Chomh maith leis sin, leis an gcinneadh sin baineadh trí cinn de ‘shaincheisteanna Shingeapór’ de Chlár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA).



Rinneadh roinnt dul chun cinn i gComhdháil Aireachta Hong Cong i Nollaig 2005 ó thaobh aighnis idir na balltíortha a réiteach. Ag an deireadh ar fad, rinneadh sraitheanna athbhreithnithe dréachtmhódúlachtaí a chur síos in 2008 lenar soláthraíodh imlíne i gcomhair an chomhaontaithe deiridh a bhí le baint amach sa Ghinéiv. I 'bpacáiste Iúil 2008' (TN/AG/W/4/Rev.3) chuathas i ngleic leis na hábhair seo a leanas:

**a. Tacaíocht baile**

- Laghdófaí 'tacaíocht baile a shaobhann an trádáil' (bosca ómrach + bosca gorm + foráil *de minimis*) (3.2.7) faoi 75-85% don Aontas Eorpach, faoi 66-73% do na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin agus faoi 50-60% do na balltíortha eile (thar thréimhse cúig bliana do na tíortha forbartha agus ocht mbliana do na tíortha i mbéal forbartha). Chuirfí laghdú láithreach 33% i bhfeidhm i gcás na Stát Aontaithe, an Aontais Eorpaigh agus na Seapáine, agus 25% i gcás na dtíortha eile.
- Laghdófaí an 'bosca ómrach' (AMS) (3.2.7) faoi 70% ar an iomlán don Aontas Eorpach, 60% do na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin, agus 45% do na tíortha eile. Shocrófaí uasteorainn do phraghsanna agus tacaíocht do tháirgí aonair ar fhigiúir ar comhionann í agus meánleibhéal tacaíochta an bhosca ómraigh atá ar taifead do thréimhse 1995-2000.
- I gcás an 'bhosca ghoirm' (3.2.7), chuirfí teorainn 2.5% de tháirgeacht leis do na tíortha forbartha agus 5% do na tíortha i mbéal forbartha, agus uasteorainneacha socraithe do gach táirge (NB: níl feidhm ag na teorainneacha sin a thuilleadh).
- I gcás fhoráil *de minimis* (3.2.7), choinneofaí uasteorainn 2.5% de tháirgeacht léi do na tíortha forbartha (is é 5% an uasteorainn sin anois) agus 6.7% (10% anois) do na tíortha i mbéal forbartha (ach ní bheadh aon chiorruithe ar thacaíocht arna cur ar fáil go príomha d'fheirmeoirí leorchothaitheacha nó d'fheirmeoirí atá gann ar acmhainní).
- Dhéanfaí coinníollacha an 'bhosca ghlais' (3.2.7) níos doichte.

**b. Rochtain ar mhargaí**

- Chiorrófaí taraifí custam ar bhonn foirmle lena sonraítear ciorruithe suntasacha ar tharaifí níos airde. I gcás na dtíortha forbartha, bheadh réimse ciorruithe i gceist ag dul ó 50% ar tharaifí níos lú ná 20% go dtí 70% ar tharaifí níos airde ná 75%, rud a d'fhágfadh meán-íoschiorrú de 54% do na tíortha forbartha agus ciorrú a bheadh idir 33.3% agus 44-48% do na tíortha i mbéal forbartha. Bheadh na tíortha is lú forbairt (LDCanna) díolmhaithe ó aon ciorrú.
- Bheadh 'táirgí íogaire' (do na tíortha uile) agus 'táirgí speisialta' (do na tíortha i mbéal forbartha) faoi réir ciorruithe níos lú. Mar sin féin, d'fhéadfaí cúiteamh a dhéanamh ar na laghduithe do tháirgí íogaire trí tharaifchuótaí fabhracha agus d'fhéadfaí táirgí speisialta a dhíolmhú ó na ciorruithe uile.
- Chuirfí deireadh de réir a chéile leis an 'gclásal coimirce speisialta' (3.2.7) sna tíortha forbartha. Bhainfeadh na tíortha i mbéal forbartha leas as sásra coimirce speisialta nua (SCS) is infheidhme maidir le 2.5% de línte taraifí, rud a ligfeadh dóibh taraifí custam a mhéadú go sealadach mar chuidiú chun déileáil leis nuair a thiocfadh méadú ar mhéideanna allmháirí nó nuair a thitfeadh praghsanna.



**c. Iomaíocht onnmhairiúcháin**

- Chuirfí deireadh le fóirdheontais onnmhairiúcháin (3.2.7), lena n-áirítear fóirdheontais atá faoi cheilt mar chreidmheasanna onnmhairiúcháin, mar shampla i gcomhthéacs gníomhaíochtaí fiontar onnmhairiúcháin trádála stáit agus cúnamh bia neamhéigeandála.

Ar an 6 Nollaig 2008, dháil cathaoirleach an Ghrúpa Caibidlíochta um Thalmhaíocht a dhréachtmhódúlachtaí athbhreithnithe is déanaí. Ag teacht leis an gcur chuige sin, i gcomhair an Naoú Comhdháil Aireachta a reáchtáladh i Nollaig 2013 in Bali, roghnaíodh roinnt saincheisteanna feirmeoireachta d'fhonn comhaontuithe páirteacha a bhaint amach. Faoi dheireadh thiar thall, d'éascair comhaontú as an Deichiú Comhdháil Aireachta, a reáchtáladh in Nairobi i Nollaig 2015.

**B. Pacáiste Nairobi (2015)**

Sa Chomhdháil Aireachta in Nairobi, glacadh ceithre chinneadh nua maidir leis an talmhaíocht i dtaca leis an méid seo a leanas:

- iomaíocht onnmhairiúcháin Sa chinneadh sin, rangaíodh fóirdheontais onnmhairiúcháin le cineálacha eile beart a d'fhéadadh a bheith ina gcúis le saobhadh iomaíochta. Tá na tíortha forbartha tiomanta do chealú láithreach na bhfordheontas onnmhairiúcháin (cé is moite de roinnt fordheontas ar tháirgí próiseáilte, ar cuireadh a gcealú ar atráth go dtí 2020). Ní mór do na tíortha i mbéal forbartha freisin na fordheontais onnmhairiúcháin uile a chealú faoi dheireadh 2023. Leis an gcomhaontú sin, cuirfear dlús le cealú na bhfordheontas ar chadás.
- 'stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha slándála bia' sna tíortha i mbéal forbartha Faoi bhrú ó G33 (féach thíos), ag an gComhdháil Aireachta in Bali, chomhaontaigh balltíortha EDT gan agóid dhlíthiúil a dhéanamh in aghaidh na gclár slándála bia sin. Cuireann an téacs nua fad leis an staid sin go dtí gur féidir réiteach buan a aimsiú;
- cadás Sonraítear sa chomhaontú nua gur gá do na tíortha forbartha rochtain ar mhargaí saor ó dhleacht agus saor ó chuóta a thabhairt i gcás onnmhairí cadáis ó na tíortha is lú forbairt ón 1 Eanáir 2016. Déanfaidh na tíortha i mbéal forbartha gealltanais den chineál céanna a thabhairt ina dhiaidh sin, go háirithe an tSín;
- 'sásra coimirce speisialta do na tíortha i mbéal forbartha' Chuir onnmhaireoirí táirgí talmhaíochta amhail an Astráil, an Bhrasaíl agus SAM i gcónaí in aghaidh aon mhéadú — ceann sealadach fiú — ar dhleachtanna custam ó na tíortha i mbéal forbartha mar fhreagairt ar bhorradh tobann ar allmhairí nó ar laghduithe praghsanna. Dearbhaítear sa chinneadh nua go mbeidh na tíortha sin i dteideal sásra coimirce speisialta arna bhunú ar thairsí truícir arna socrú ag na cainníochtaí a allmhairítear agus ag praghsanna.

Ina theannta sin, rinneadh na rialacha tionscnaimh fabhracha do na tíortha beagfhorbartha a shimpliú i bPacáiste Nairobi agus cuireadh síneadh leis an maolú atá ann faoi láthair maidir le seirbhísí sna tíortha sin go dtí an 31 Nollaig 2030.

Cur chuige nua do chaibidlíochtaí trádála a bhí i gComhdháil Nairobi, agus claonadh inti i dtreo comhaontuithe páirteacha. Ina theannta sin, aithníodh sa dearbhú



aireachta nach bhfuil balltíortha EDT ar aon intinn faoin gceist ar cheart tabhairt faoi chaibidlíochtaí trádála faoi struchtúr Doha.

### C. Buenos Aires (2017)

Cé go raibh an 11ú Comhdháil Aireachta in Buenos Aires (10-13 Nollaig 2017) in ainm dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar chlár oibre Doha, níor tháinig ach torthaí an-teoranta amach aisti sa deireadh. Ní raibh iontu ach gealltanais leanúint leis an obair ar roinnt saincheisteanna lena n-áirítear talmhaíocht (gan cláir oibre bheachta a shocrú) agus dearbhuithe éagsúla ó ghrúpaí tíortha ar ábhair a gcomhleasa.

## SEASAIMH GHNÍOMHAITHE EDT: AN STAID REATHA

- Bhí córas trádála iltaobhach níos dírithe ar an magadh á iarraidh ag an Aontas Eorpach i gcónaí, ach ceann lena gcuirtear san áireamh inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil, ar bhonn na n-iarrachtaí arna ndéanamh i réimsí na tacaíochta baile [athchóirithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta (3.2.3.)] agus na rochtana ar mhargaí [tionscnamh ‘Gach Ní seachas Airm’ (5.2.3.)]. D’athdhearbhaigh an tAontas arís agus arís eile a thiomantas do chur chuige cothrom maidir leis an athchóiriú leanúnach ar an gcóras trádála talmhaíochta, ina mbeadh cóir speisialta do na tíortha i mbéal forbartha, gealltanais ar leith i dtaca le táirgí íogaire agus ina gcuirfí san áireamh go cuí ábhair inní nach mbaineann leis an trádáil. Is é an tionscnamh is déanaí ó AE ná togra comhpháirteach AE-an Bhrasaíl chun comhaontú a bhaint amach faoi athbhreithnithe ar smachta tacaíochtaí baile i réimse na talmhaíochta agus chun saincheist na stocshealbhaíochta poiblí a réiteach, ar togra é a cuireadh síos roimh an 11ú Comhdháil Aireachta a reáchtáladh in Buenos Aires i Nollaig 2017. Teip a bhí sa chomhdháil ó thaobh comhaontú a bhaint amach chun teorainn a chur le tacaíocht baile, agus léirigh an Coimisinéir um Thrádáil, Cecilia Malmström, go poiblí gurbh oth léi nár tháinig toradh iltaobhach aisti agus d’éiligh sí go ndéanfaí beart ag an gcéad chomhdhála aireachta eile – an 12ú Comhdháil Aireachta (MC 12), a bheidh ar siúl sa Chasacstáin i mí an Mheithimh 2020.
- Tá cur chuige an-cháinteach á ghlacadh ag na Stáit Aontaithe maidir le saincheisteanna iltaobhacha, agus tá droim láimhe tugtha acu do phróisis rialachais an domhain ó tháinig rialtas Trump i réim (thar aon rud eile, comhaontú aeráide EDT agus COP 21 a tugadh chun críche i bPáras i Nollaig 2016). Deirtear gurbh é ba chúis leis an easpa dul chun cinn ag an gComhdháil Aireachta is déanaí in Buenos Aires ná SAM gan a bheith sásta an fhéidearthacht a mheas réiteach buan a bhaint amach ar shaincheist na stocshealbhaíochta poiblí, rud a spreag balltíortha eile EDT bac a chur ar chinntí maidir leis na saincheisteanna eile uile.
- An tSín, an India agus an Rúis: Tá an tSín agus an India ag iarraidh deireadh a chur le liúntais leibhéil comhiomláin tacaíochta (AMS) mar réamhchoinníoll le haghaidh tuilleadh cainteanna, toisc go bhfuil siad i bhfabhar machaire chomhréidh a bheith ann do bhalltíortha uile EDT. Déanann an tSín agus an India an argóint go raibh fóirdheontais a shaobhann an trádáil á gcur ar fáil ag AE, SAM agus Ceanada dá gcuid feirmeoirí ar leibhéil i bhfad níos airde ná an uasteorainn is infheidhme do na tíortha i mbéal forbartha, agus feictear dóibh dá bharr gur túsphointe caibidlíochtaí



é deireadh a chur le liúntais AMS, i gcodarsnacht le AE a bhfuil sé mar aidhm aige iad a laghdú. Roimh an 11ú Comhdháil Aireachta in Buenos Aires, chuir an Rúis (1) moladh nua ar aghaidh inar iarradh go n-éireofaí de réir a chéile as coimircí speisialta a cheadaítear faoin gComhaontú maidir le Talmhaíocht, agus go gcuirfí deireadh leo sa deireadh, agus (2) dréachtchinneadh chun 'réiteach buan' a aimsiú ar shaincheist na stocshealbhaíochta poiblí chun críocha slándála bia.

- Tá Grúpa Cairns, ar grúpa é ina gcrúinnítear 17 dtír onnmhairíochta le chéile ar ábhar comhleasa dóibh laghdú a dhéanamh ar na constaicí roimh thrádáil ar constaicí iad a dhéanann dochar don talmhaíocht, an-cháinteach faoi na tíortha forbartha a choimeádann leibhéal ard fóirdheontas. Roimh an 11ú Comhdháil Aireachta in Buenos Aires, mhol an Grúpa (1) nach mór don táirgeacht agus don tacaíocht baile a bheith faoi réir grinnscrúdú níos mó d'fhonn an próiseas athchóirithe a chur chun tosaigh, (2) nach mór go mbeadh tionchar sriantach ag smachta ar tháirgeacht agus ar thacaíocht baile a shaobhann an trádáil, agus (3) nach mór aghaidh a thabhairt ar thacaíocht le haghaidh táirge ar leith.
- Tá tíortha G-10 (grúpa tíortha forbartha is glan-allmhaireoir bia lena n-áirítear an tSeapáin, an Iorua agus an Eilvéis) i bhfabhar creat nua arna bhunú ar luach táirgeachta talmhaíochta. Tá drogall orthu tacaíocht le haghaidh táirge ar leith a phlé agus níl siad réidh le ciorruithe móra a ghlacadh ar a bhfóirdheontais a shaobhann an trádáil.
- Tá na tíortha i mbéal forbartha, arb ionann iad agus trí cheathrú de bhalltíortha EDT, ag iarraidh a mbarra féin a choimirciú agus aird a tharraingt ar ábhair imní nach mbaineann leis an trádáil (slándáil bia, cóir mhaireachtála, bochtaineacht, fostaíocht tuaithe, etc.). Tá cóir speisialta agus dhifreálach arna saincheapadh dá gcás ar leith á hiarraidh acu freisin. Roimh chomhdháil Buenos Aires, rinne na tíortha i mbéal forbartha roinnt tograí a chur ar aghaidh chun teorainn a chur le tacaíocht a shaobhann an trádáil agus AMSanna le haghaidh táirge ar leith. D'iarr tíortha C-4 (Beinin, Buircíne Fasó, Sead agus Mailí) go ndéanfaí ciorruithe ar leith sna tíortha forbartha ar thacaíocht don chadás a shaobhann an trádáil.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Agus grinnscrúdú á dhéanamh aici ar an gCoimisiún chun a áirithiú go gcloíonn sé leis an sainordú caibidlíochta a tugadh dó, thug an Pharlaimint tacaíocht i gcónaí d'iarrachtaí na n-ionadaithe Eorpacha dul chun cinn a dhéanamh i mbabhta Doha agus comhaontú cothrom a bhaint amach [rúin an 4 Aibreán 2006 (IO C 293 E, 2.12.2006), 9 Lúnasa 2008 (IO C 9 E, 15.1.2010), 16 Nollaig 2009 (IO C 286 E, 22.10.2010), 14 Meán Fómhair 2011 (IO C 286 E, 22.2.2011), 21 Samhain 2013 ([T7-0511/2013](#)), 26 Samhain 2015 (IO C 366, 27.10.2017) agus an 15 Samhain 2017 ([P8\\_TA\(2017\)0439](#))].

D'fhreastail Toscaireacht ó PE ar Chomhdháil Pharlaiminteach EDT is déanaí a bhí ar siúl ar imeall an 11ú Comhdháil Aireachta in Buenos Aires i Nollaig 2017.

François Nègre



